# An Ciste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta 2025

## Treoirdhoiciméad Iarratais

Cistiú a sholáthar chun freastal ar chroíchostais na n-eagraíochtaí neamhbhrabúis neamhrialtasacha a oibríonn san earnáil oidhreachta in Éirinn.

**Seimineár Gréasáin Clinic Faisnéise** 5 Nollaig 2024 ag 12 meán lae **Cláraigh anseo**



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Clár Ábhar


| | LEATHANACH |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Cuspóir an Chiste | 1 |
| Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh? | 1 |
| Eagraíochtaí neamh-incháilithe | 2 |
| An cistiú atá ar fáil | 2 |
| Conas agus cén uair is féidir iarratas a dhéanamh | 2 |
| Na nithe is féidir linn a chistiú | 2 |
| Faisnéis tacaíochta | 3 |
| Torthaí do phlean oibre | 4 |
| Conas a dhéanfaimid measúnú ar d'iarratas | 7 |
| Doiciméid tacaíochta a sholáthar | 9 |
| Cinneadh cistiúcháin | 9 |
| Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta nó Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta | 9 |
| An tionscadal a chur chun cinn agus an cistiú a admháil | 9 |
| Tuairisciú agus cistiú | 9 |
| Conas a íocfaimid an deontas | 9 |
| Canbhasáil | 10 |
| Iarraidh maidir le cumarsáid | 10 |
| Seicliosta | 11 |


Tá an scéim seo faoi réir cistiú a bheith ar fáil don Chomhairle Oidhreachta sa bhliain 2025.

## Réamhrá

Tá an Chomhairle Oidhreachta, an ghníomhaireacht Stáit ar a bhfuil freagracht as an oidhreacht, ag obair le 25 bliana anuas chun rochtain ar oidhreacht na hÉireann a chosaint, a chur chun cinn agus a chothú ina cáileanna uile. Áirítear leo sin oidhreacht thógtha, oidhreacht nádúrtha, oidhreacht chultúrtha, oidhreacht dholáimhsithe, agus oidhreacht seandálaíochta.

Ceann amháin de na príomhghnéithe den Phlean Straitéiseach ón gComhairle Oidhreachta don tréimhse 2023 - 2028 is ea earnáil oidhreachta níos láidre a chothú trí leanúint le tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí ar féidir leo seirbhísí oidhreachta ríthábhachtacha breise a sholáthar do phobail agus do ghairmeacha agus trí leanúint le tacú le forbairt na gcomhlachtaí sin.

Ceann amháin de na bealaí ina ndéanaimid é sin is ea an Ciste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta a riar.

## Cuspóir an Chiste

Tá sé mar aidhm leis an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta cur leis an acmhainn atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn san earnáil oidhreachta in Éirinn trí chistiú a sholáthar dóibh chun freastal ar a gcroíchostais.

Mar gheall ar an ról ríthábhachtach a imríonn tionscadail oidhreachta maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta, is amhlaidh leis an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta 2025 a thugtar tús áite do thacaíocht a thabhairt do thionscadail lena léirítear cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Leis an gcistiú seo, tabharfar tacaíocht do na nithe seo a leanas:

- eagraíochtaí oidhreachta a imríonn ról lárnach maidir le bonneagar oidhreachta na hÉireann agus a chabhraíonn le beartais agus pleananna náisiúnta a bhaint amach.
- forbairt agus neartú a dhéanamh ar na scileanna, na próisis agus na hacmhainní a theastaíonn ó eagraíochtaí oidhreachta chun gur féidir leo maireachtáil, oiriúnú agus bláthú.

### Gnéithe Nua sa bhliain 2025

- Leithdháilfear cistiú ar chroíchostais a thabhófar ón 1 Aibreán 2025 go dtí an 31 Márta 2026. Níor cumhdaíodh leis an gcistiú roimhe seo ach an tréimhse ama ó mhí an Mhárta go mí na Samhna gach bliain.
- Ní fhéadfaidh iarratasóirí rathúla cistiú a fháil ach faoi scéim deontais amháin de chuid na Comhairle Oidhreachta.
- Mar gheall ar an éileamh méadaithe ar an scéim, is é €50,000 an t-uasdeontas a bheidh ar fáil d'eagraíochtaí is iarratasóirí sa bhliain 2025.

## Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh?

Tá an scéim ar oscailt d'eagraíochtaí neamhbhrabúis neamhrialtasacha a ghabhann don oidhreacht agus a bhfuil ábharthacht léirithe náisiúnta agus/nó réigiúnach ag baint leo.

Tá eagraíochtaí a chomhlíonann na critéir seo a leanas incháilithe chun iarratas a dhéanamh:

- **Cineál Cuideachta:** Ní mór do d'eagraíocht neamhbhrabúis a bheith bunaithe mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CTR/CLG) agus ní ceadmhach di a bheith faoi rialú díreach ná indíreach ag aon chomhlacht stáit ná ag aon chomhlacht eile.
- **Ceanglais bhunreachta:** Ní mór íoc luach saothair leis na stiúrthóirí a bheith toirmiscthe faoi bhunreacht na heagraíochta.
- **Cuspóir na heagraíochta:** Ní mór an cuspóir a bheith bainteach le ceann amháin de na gnéithe den oidhreacht atá luaite sna hAchtanna Oidhreachta, 1995 agus 2018, nó ní mór don eagraíocht a bheith ag gabháil don oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe a chosaint mar chuid de ghealltanais na hÉireann i leith Choinbhinsiún UNESCO maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe 2003.

- **Ábharthacht Léirithe Náisiúnta agus/nó Réigiúnach:** Ní mór d'iarratasóirí tionchar a léiriú ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach trí oibriú ar fud dhá limistéar údaráis áitiúil nó níos mó agus trí dhea-chleachtais a léiriú i réimse sonrach oidhreachta ar féidir leis tionchar a imirt ar mhórbheartais. Áirítear leis na samplaí de sin tionscadail lena gcuimsítear roinnt contaetha éagsúla, lena dtriailtear cleachtais nuálacha oidhreachta, nó lena rannchuidítear le beartas trí obair réigiúnach eiseamláireach.
- **Plean oibre eagraíochtúil:** Ní mór don eagraíocht a bheith ag tabhairt faoi ghníomhartha nuálacha ar leibhéal beag nó ar leibhéal meánach, ar gníomhartha iad ina soláthraítear torthaí soiléire a chabhraíonn le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chomhlíonadh – plean straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028; an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030; Oidhreacht Éireann 2030; Áiteanna do Dhaoine: An Beartas Náisiúnta um Ailtireacht; agus an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus Pleananna Oiriúnaithe Earnála iomchuí don Athrú Aeráide (e.g., Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha, agus Seandálaíocht).

## Eagraíochtaí neamh-incháilithe

Níl cuideachtaí príobháideacha, daoine aonair, comhlachtaí poiblí nó eagraíochtaí poiblí atá faoi rialú díreach nó indíreach ag aon chomhlacht stáit nó ag aon chomhlacht eile incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin scéim seo.

## An cistiú atá ar fáil

Is é €50,000 in aghaidh na heagraíochta an méid uasta atá ar fáil. Samhlaímid go mbeidh an mheántairiscint sa raon idir €30,000 agus €50,000 agus go dtacófar le thart ar 30 go 40 eagraíocht faoin scéim seo. Leithdháilfear cistiú ar bhonn iomaíoch. Déanfar amhlaidh ar aon dul leis na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach ar Leathanach 10.

## Conas agus cén uair is féidir iarratas a dhéanamh

Ní mór duit iarratas a dhéanamh trí chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin: An Córas Deontas ar Líne. Ní ghlacaimid ach le foirmeacha a chuirtear isteach ar líne. Ní sholáthraímid foirmeacha páipéir. Ní ghlacaimid le foirmeacha páipéir ach oiread.

**Tabhair faoi deara gur tugadh Córas nua Deontas ar Líne isteach sa bhliain 2024.** Mura bhfuair tú aon chistiú deontais sa bhliain 2024, beidh ort clárú ar dtús sular féidir leat tús a chur le d'iarratas. Tá treoracha le fáil anseo.

Chun d'iarratas a bhreithniú, ní mór dúinn d'iarratas ar líne agus na doiciméid tacaíochta a fháil faoin dáta seo a leanas: **5pm, an 27 Eanáir 2025**. Ní ghlacfar le hiarratais ná le haon fhaisnéis bhreise tar éis an ama sin. Cuirfimid in iúl duit i scríbhinn cé acu a d'éirigh nó nár éirigh le d'iarratas go luath i mí an Mhárta 2024.

**Tabhair faoi Deara:** Ní fhéadfar ach iarratas amháin a dhéanamh in aghaidh na heagraíochta.

## Na nithe is féidir linn a chistiú

Croíchostais chun tacú le caiteachas bunriachtanach eagraíochtúil agus riaracháin. Is iad sin na príomhspeansais is gá a íoc chun d'eagraíocht a choinneáil ar bun.

- Cistiú chun freastal ar chroíchostais d'eagraíochta. Áirítear le croíchostais tuarastail foirne atá ann cheana, cíos, rátaí, freagrachtaí reachtúla agus/nó dlíthiúla, etc.
- Costais chun cabhrú le d'eagraíocht a bheith níos athléimní amach anseo, mar shampla trí phleananna gnó a oiriúnú, trí rialachas corparáideach a fheabhsú, trí athbhreithnithe bainistíochta riosca a dhéanamh, agus trí mhodhanna nua oibre a thriail.
- I gcás institiúidí gairmiúla – sparánachtaí a chistiú le haghaidh oiliúint ghairmiúil

nó le haghaidh pearsanra sonrach a fhostú chun cúrsaí creidiúnaithe forbartha gairmiúla leanúnaí a sholáthar i réimse na hoidhreachta.

- Costais oiliúna agus costais forbartha scileanna.
- Baill foirne nua nó baill foirne ar conradh a fhostú. Ní mór sainchuntas poist soiléir don phost a sholáthar in éineacht le d'iarratas.

**Pá Maireachtála Náisiúnta:** Tacaíonn an Chomhairle Oidhreachta le heagraíochtaí a fhaigheann cistiú ón gComhairle Oidhreachta agus a íocann an fíorphá maireachtála le fostaithe.

## Faisnéis tacaíochta

**Ní mór** duit na doiciméid tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'iarratas:

**Bunreacht**

1. Bunreacht d'eagraíochta.

**Cuntais**

2. Do chuntais iniúchta is déanaí nó do chuntais is déanaí atá fíoraithe ag cuntasóir.

   Ba cheart d'eagraíochtaí nua nach bhfuil aon chuntais iniúchta ná aon chuntais fhíoraithe acu ráitis airgeadais eatramhacha, ráitis bhainc, ioncam réamh-mheasta, agus mionsonraí faoi fhoinsí deimhnithe cistiúcháin a sholáthar chun ullmhacht airgeadais a léiriú.

**Faisnéis chúlra**

3. Faisnéis chúlra faoi d'eagraíocht, amhail an leagan is déanaí de do Thuarascáil Bhliantúil nó de do Phlean Straitéiseach, comhaontuithe comhpháirtíochta, agus araile.

**Plean Oibre Costáilte**

4. Plean Oibre Costáilte Comhlánaithe

a) Ba cheart an buiséad don bhliain 2025 a bheith ar áireamh sa phlean oibre costáilte. Teastaíonn uainn faisnéis lena gcumasófar dúinn measúnú a dhéanamh ar bhuiséid, ar a indéanta atá an méid atá á bheartú agat agus ar na daoine lena bhfuil tú ag obair. Ba cheart mionsonraí faoi réimsí caiteachais agus faoi fhoinsí eile ioncaim a sholáthar sa bhuiséad.

b) Ní mór d'eagraíochtaí ráiteas tionchair timpeallachta gairid a chur ar áireamh ina bplean oibre costáilte. Ba cheart aon tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht agus bearta maolaithe nó oiriúnaithe a leagan amach sa ráiteas sin.

c) Gníomhartha agus tionscnaimh atá nasctha go soiléir leis na nithe seo a leanas:

- Plean straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028;
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030;
- Oidhreacht Éireann 2030;
- Áiteanna do Dhaoine: An Beartas Náisiúnta um Ailtireacht; agus
- An Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus Pleananna Oiriúnaithe Earnála iomchuí don Athrú Aeráide (e.g., Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha, agus Seandálaíocht).

**Litreacha tacaíochta**

5. Dhá litir thacaíochta ar a laghad ó gheallsealbhóirí tábhachtacha seachtracha nó ó eagraíochtaí eile lena n-oibríonn tú go dlúth. Ní mheastar litreacha tacaíochta ó bhaill de d'eagraíocht nó ó dhaoine a bhainfidh tairbhe airgeadais a bheith inghlactha.

## Torthaí do phlean oibre

Sa tábla thíos, tá samplaí liostaithe againn de na torthaí ar mhaith linn go mbainfí amach iad mar thoradh ar an gciste deontas seo. Is é is torthaí ann ná aon athruithe, tionchair, tairbhí nó éifeachtaí a thagann chun cinn mar thoradh ar do chuid oibre. Beidh éagsúlacht ann maidir leis an líon torthaí a bhainfidh tú amach, agus iad ag brath ar na gníomhartha atá i do phlean oibre. Ba cheart na torthaí a bheith i gcomhréir le méid an deontais atá á iarraidh agat nó le díriú sonrach do phlean oibre.

Maidir leis na torthaí a bhainfear amach faoi phleananna oibre, táimid ag súil leis go mbeidh torthaí áirithe níos láidre ná cinn eile. Dírigh ar na torthaí is láidre. Más rud é go n-éireoidh le d'iarratas, úsáidfidh tú na torthaí sin i do Thuarascáil deiridh chuig an gComhairle Oidhreachta.

Ní mór duit **dhá thoradh ar a laghad** a roghnú ón liosta thíos agus a shainaithint cé na gníomhartha a dhéanfar:

| Toradh | Gníomhartha Féideartha |
|---|---|
| **Beidh an eagraíocht chistithe níos athléimní.**<br><br>Teastaíonn uainn go gcabhródh ár gcistiú le d'eagraíocht treisiú leis an gcumas atá aici freagairt do dhúshláin agus do dheiseanna chun a todhchaí fhadtéarmach agus a hinbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach a áirithiú. | Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha nithe a d'fhéadfadh cabhrú leat é sin a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br>• Do rialachas a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil an meascán cuí scileanna agat chun cabhrú le d'eagraíocht bláthú.<br>• Samhlacha oibriúcháin nua a iniúchadh.<br>• Pleananna gnó a nuashonrú agus a fhorbairt i ndáil le dálaí reatha.<br>• Tathantóirí agus tacaíocht a fhorbairt do d'eagraíocht agus dá cuid oibre<br>• Do chostais a laghdú<br>• Éifeachtúlachtaí a chruthú sa dóigh a n-oibríonn tú<br>• Comhpháirtíochtaí inbhuanaithe agus cineálacha comhthairbheacha comhoibrithe a chruthú chun acmhainní a chomhroinnt. |

| Toradh | Gníomhartha Féideartha |
| --- | --- |
| **Beidh an eagraíocht chistithe níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.**<br><br>Teastaíonn uainn go gcabhródh ár gcistiú leat bearta a dhéanamh lena gcumasófar duit d'eagraíocht a oibriú ar bhealach atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach. Ba cheart d'eagraíochtaí meastóireacht a dhéanamh ar thionchair dhíreacha agus indíreacha a dtionscadail ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht araon. Áirítear leis sin astaíochtaí carbóin, úsáid acmhainní, agus éifeachtaí bithéagsúlachta a bhreithniú i ngníomhartha plean oibre. Ba mhaith linn tacú leat freisin feasacht agus tuiscint a mhéadú ar an éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta. | Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha nithe a d'fhéadfadh cabhrú leat na torthaí sin a bhaint amach, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br>• feasacht charbóin a mhéadú i measc do bhall foirne agus d'oibrithe deonacha.<br>• do thionchar comhshaoil a athbhreithniú agus na feabhsuithe is féidir leat a dhéanamh a shainaithint.<br>• gníomhartha lena gcuirfear feabhas ar d'éifeachtúlacht fuinnimh agus ar do rannchuidiú leis an mbithéagsúlacht agus lena laghdófar dramhaíl do d'eagraíocht.<br>• imeachtaí agus gníomhaíochtaí lena gcabhraítear le pobail plé leis an éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta |
| **Beidh baint ag raon níos leithne daoine leis an oidhreacht.**<br><br>Teastaíonn uainn go gcabhródh ár gcistiú leat d'eagraíocht a dhéanamh níos cuimsithí trí chomhchruthú agus trí dheireadh a chur le bacainní lenar eisiadh grúpaí agus daoine áirithe roimhe seo. | Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha nithe a d'fhéadfadh cabhrú leat é sin a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br>• Féachaint le tuiscint a ghnóthú ar dhéimeagrafaic do spriocphobail agus ar cé atá faoi thearcionadaíocht faoi láthair sa réimse ina n-oibríonn tú.<br>• Féachaint le tuiscint a ghnóthú ar na bacainní ar rannpháirtíocht i do ghníomhaíochtaí oidhreachta agus le deireadh a chur leis na bacainní sin.<br>• Comhchruthú a fhorbairt mar mhodh oibriúcháin d'eagraíochta<br>• Comhoibriú le grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí a oibríonn le grúpaí eisiata. |
| **Beidh bail níos fearr ann ar an oidhreacht.** | Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha gníomhaíochta tacaithe a d'fhéadfadh cabhrú leat sa réimse seo, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br>• Beidh na feabhsuithe aitheanta trí na caighdeáin a úsáideann speisialtóirí gairmiúla agus oidhreachta agus/nó beidh siad aitheanta ag daoine i gcoitinne, mar shampla trí shuirbhéanna ar chuairteoirí nó ar chónaitheoirí.<br>• D'fhéadfadh feabhsuithe teacht as obair nua freisin. Sampla de sin is ea an bhail atá ar ghnáthóg atá ann cheana a fheabhsú chun tairbhe do speiceas tosaíochta. |

| Toradh | Gníomhartha Féideartha |
| --- | --- |
| **Beidh an eagraíocht chistithe níos oilte, níos muiníní agus níos éagsúla.**<br><br>Teastaíonn uainn go gcabhródh ár gcistiú leat d'fhórsa saothair a fhorbairt agus a éagsúlú (lena n-áirítear baill foirne íoctha agus oibrithe deonacha, comhaltaí boird agus iontaobhaithe) ionas go mbeidh cumas níos fearr agat aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a thagann roimh d'eagraíocht. | Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha gníomhaíochta tacaithe a d'fhéadfadh cabhrú leat sa réimse seo, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br><br>• Beidh na feabhsuithe aitheanta trí na caighdeáin a úsáideann speisialtóirí gairmiúla agus oidhreachta agus/nó beidh siad aitheanta ag daoine i gcoitinne, mar shampla trí shuirbhéanna ar chuairteoirí nó ar chónaitheoirí.<br><br>• Gníomhaíocht a bhaineann le pleanáil chomharbais agus le caomhnú scileanna agus eolais laistigh den eagraíocht.<br><br>• Comhoibriú le heagraíochtaí eile san earnáil oidhreachta agus in earnálacha eile chun scileanna agus eolas a chomhroinnt. |
| **Feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do dhaoine tríd an bhfolláine a fheabhsú, trí thacú leis an bhfoghlaim agus trí rannchuidiú le comhfhorbairt áite.** | Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha nithe a d'fhéadfadh cabhrú leat é sin a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta dóibh:<br><br>• Comhpháirtíochtaí agus cineálacha comhoibrithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus deiseanna atá sonrach don limistéar áitiúil nó don phobal.<br><br>• Áiteanna agus spásanna a sholáthar inar féidir scéalta, traidisiúin agus rudaí a mheasann daoine a bheith ina gcuid dá n-oidhreacht a iniúchadh agus a cheiliúradh.<br><br>• Deiseanna a thabhairt do dhaoine chun a bheith níos gníomhaí, mar shampla obair dheonach a dhéanamh i bpáirc, páirt a ghlacadh i seandálaíocht pobail agus in oiliúint i scileanna traidisiúnta, agus scileanna digiteacha a chomhroinnt.<br><br>• Cláir a fhorbairt lena dtacaítear leis an tsláinte agus leis an bhfolláine chun cabhrú le daoine blaiseadh a fháil den oidhreacht ar bhealaí nua.<br><br>• Na deiseanna foghlama a sholáthraíonn tú a mhéadú agus a fhorbairt chun eolas agus tuiscint níos fearr a chothú ar an oidhreacht. |

## Conas a dhéanfaimid measúnú ar d'iarratas

Tar éis d'iarratas a chur isteach, seiceálfaimid é ar dtús chun a chinntiú go gcomhlíonann d'eagraíocht na critéir incháilitheachta agus gur soláthraíodh an fhaisnéis tacaíochta ar fad. Ní dhéanfar aon mheasúnú eile ar iarratais nach n-éireoidh leo sa chéim sin.

Rachaidh iarratais a n-éireoidh leo sa chéim seiceála tosaigh trí na céimeanna seo a leanas ansin:

a) Athbhreithniú agus gearrliostú inmheánach.

b) Painéal seachtrach athbhreithniúcháin, a dhéanfaidh measúnú ar na hiarratais ghearrliostaithe uile trí úsáid a bhaint as an gcóras scórála thíos. Ní mór d'iarratais 10 marc ar a laghad a fháil faoi gach ceannteideal chun pas a fháil.

c) Ceadú na n-iarratas molta ag Bord na Comhairle Oidhreachta.

Is próiseas iomaíoch é seo, agus leithdháilfear cistiú ar na hiarratais a gheobhaidh na scóir is airde faoi na ceithre Chritéar atá liostaithe sa tábla thíos.

| Critéir | Marcanna |
|---|---|
| An ábharthacht atá ag baint leis an bplean oibre maidir le tacú le Straitéis na Comhairle Oidhreachta 2023 - 2028 a chomhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal réigiúnach | 25 |
| Acmhainn na heagraíochta chun an plean oibre a chomhlíonadh agus a indéanta atá sé déanamh amhlaidh | 25 |
| Cúrsaí airgeadais, luach ar airgead agus faisnéis rialachais | 25 |
| Tionchar oidhreachta, sóisialta agus comhshaoil an chistiúcháin | 25 |

Agus iarratais á mbreithniú acu, bainfidh measúnóirí leas as a mbreithiúnas gairmiúil féin bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh tú laistigh den iarratas, ar eolas ar obair roimhe d'eagraíochta, agus ar an gcomhthéacs iomaíoch ina ndéanfar meastóireacht ar na hiarratais uile.

Tabharfar scór idir 1 agus 25 i leith gach critéir. Is scóir tháscacha a bheidh sna scóir, agus beidh siad bunaithe ar inneachar an iarratais.

1. **Lag (0-5):** Ní leor san fhaisnéis a soláthraíodh na mionsonraí agus an t-inneachar is gá chun measúnú a dhéanamh in aghaidh na gcritéar.

2. **Neamhdhóthanach (6-10):** Cé go gcomhlíontar san iarratas na critéir ar leibhéal íosta, tá réimsí ann ina bhfuil mionsonraí ar iarraidh nó ina bhfuil an fhaisnéis neamhshoiléir.

3. **Dóthanach (11-15):** Tugtar aghaidh san iarratas ar fhormhór na gcritéar. Tá roinnt bearnaí ann.

4. **Maith (16-20):** Tugtar aghaidh an-mhaith san iarratas ar na critéir. Is mionbhearnaí iad aon bhearnaí atá ann, agus níl siad ábhartha maidir le haghaidh a thabhairt ar na critéir.

5. **Sármhaith (21-25):** Tugtar aghaidh san iarratas ar na gnéithe ábhartha uile de na critéir. Níl aon bhearnaí ann, agus tugtar aghaidh ar gach ábhar imní.

### Critéar 1

**An ábharthacht atá ag baint leis an bplean oibre maidir le tacú le Straitéis na Comhairle Oidhreachta 2023 - 2028 a chomhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal réigiúnach**

Déanfaimid measúnú ar na nithe seo a leanas:

- torthaí do thogra maidir le tacú le cuspóirí na Comhairle Oidhreachta a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023–2028 (Ár nÁit sa Stair).

- ba cheart d'eagraíochtaí meastóireacht a dhéanamh ar thionchair dhíreacha agus indíreacha a dtionscadail ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht araon. Áirítear leis sin astaíochtaí carbóin, úsáid acmhainní, agus éifeachtaí bithéagsúlachta a bhreithniú i ngníomhartha plean oibre.

Déanfaimid breithniú ar na nithe seo a leanas:

- an cineál oibre a dhéanann d'eagraíocht. Áireofar leis sin an comhthéacs réigiúnach agus/nó náisiúnta ina n-oibríonn d'eagraíocht.
- an réimse oidhreachta agus na haschuir a bhfuiltear ag súil leo ó do chlár oibre. Áireofar leis sin na bearta agus na gníomhartha atá beartaithe ag d'eagraíocht a dhéanamh sa bhliain 2025 i ndáil leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht.

Agus iarratais á measúnú aici, is gá don Chomhairle Oidhreachta a chinntiú go dtacófar le raon cuí oibre agus le cothromaíocht chuí oibre tríd an gCiste Tacaíochta Eagraíochtaí Oidhreachta.

## Critéar 2

**Acmhainn na heagraíochta chun an plean oibre a chomhlíonadh agus a indéanta atá sé déanamh amhlaidh.**

Déanfaimid measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cuntas teiste d'eagraíochta. Déanfaimid athbhreithniú ar a indéanta atá an plean oibre don bhliain 2025.
- cáilíocht na foirne eagraíochta agus na n-acmhainní eile atá agat, agus an fháil atá orthu, chun na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean oibre don bhliain 2025 a bhaint amach.
- Cinnteoimid go bhfuil agat na ceadanna agus an t-údarás is gá do do phlean oibre don bhliain 2025.

## Critéar 3

**Cúrsaí airgeadais, luach ar airgead agus faisnéis rialachais**

Déanfaimid measúnú ar na nithe seo a leanas:

- A indéanta atá do bhuiséad maidir leis na haschuir atá mionsonraithe i do phlean oibre.
- Athléimneacht airgeadais na heagraíochta (lena n-áirítear rialuithe airgeadais, pleanáil airgeadais, agus aon fhorbairtí atá beartaithe don bhliain 2025)
- Cáilíocht agus iomláine na faisnéise airgeadais a sholáthróidh tú.
- Déanfar breithniú ar cé acu is fearr nó nach fearr an cumas atá ag d'eagraíocht chun tacú leis an ngníomhaíocht ó do chúlchistí féin ná an cumas atá ag iarratasóirí eile déanamh amhlaidh nó ar cé acu is mó nó nach mó an líon bealaí cistiúcháin atá ar fáil duit ná an líon atá ar fáil d'iarratasóirí eile.
- Cé acu atá nó nach bhfuil luach réasúnach ar airgead ag baint le do phlean oibre a mhéid a bhaineann leis an méid cistiúcháin atá á iarraidh i gcomparáid leis na haschuir agus na torthaí a bhainfear amach leis.

## Critéar 4

**Tionchar oidhreachta, sóisialta agus comhshaoil an chistiúcháin**

Déanfaimid breithniú ar na nithe seo a leanas:

- Na gníomhartha atá beartaithe agat, do thorthaí intomhaiste, agus do thionchair réamh-mheasta ar an gcomhshaol, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht.
- Tionchar dearfach foriomlán do phlean oibre ar an gcomhshaol.
- Cineál an imeachta i bpearsa a reáchtálfar le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta nó Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta.
- Conas a chuireann tú cuimsiú sóisialta chun cinn, a thugann tú ról do ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht, nó a chuireann tú deireadh le bacainní ar rannpháirtíocht, á chinntiú gur féidir le pobail éagsúla nascadh leis an oidhreacht.

## Doiciméid tacaíochta a sholáthar

Féach an seicliosta ar Leathanach 11 chun a chinntiú go gcuirfear na doiciméid tacaíochta riachtanacha uile ar áireamh san iarratas. Más rud é go mainneoidh tú na doiciméid tacaíochta riachtanacha a sholáthar, imreofar tionchar diúltach ar d'iarratas nó is féidir go n-éireoidh d'iarratas neamh-incháilithe. Ní fhéadfar doiciméid tacaíochta a chur isteach tar éis an dáta deiridh.

## Cinneadh cistiúcháin

Déanfaimid teagmháil i scríbhinn le gach iarratasóir go luath i mí an Mhárta 2025 chun toradh a n-iarratais a chur in iúl dóibh. Más rud é go n-éireoidh le d'iarratas, beidh ort comhaontú le Téarmaí agus Coinníollacha. Féach an leathanach cistiúcháin de [www.heritagecouncil.ie](www.heritagecouncil.ie) chun cóip a fháil de Théarmaí agus Coinníollacha caighdeánacha na Comhairle Oidhreachta. Tabhair faoi deara nach mór do gach eagraíocht is iarratasóir rathúil a ghealladh go dtabharfaidh siad faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le caidreamh poiblí agus le cur chun cinn an tionscadail:

## Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Ní mór do gach eagraíocht a dtairgfidh an Chomhairle Oidhreachta cistiú dóibh tabhairt faoi ghníomhaíocht múscailte feasachta nó caidrimh phoiblí i bpearsa chun a gcuid oibre a chur chun cinn le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta idir an 16 Lúnasa agus an 24 Lúnasa 2025.

## An tionscadal a chur chun cinn agus an cistiú a admháil

Ní mór do gach eagraíocht a dtairgfear cistiú dóibh an tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta a admháil go cuí sa bhliain 2025 agus na Treoirlínte dar teideal Buíochas a Ghabháil as ár Maoiniú a chomhlíonadh. Ní mór d'eagraíochtaí a fhaigheann cistiú ón gComhairle Oidhreachta an Chomhairle Oidhreachta a aithint le linn dóibh labhairt faoina dtionscadal agus in aon ábhar poiblíochta clóite nó ar líne, mar shampla na meáin shóisialta, acmhainní digiteacha, agallaimh ar an raidió nó ar an teilifís, agus aon chineál ábhar clóite.

## Tuairisciú agus cistiú

Más rud é go n-éireoidh lena hiarratas, beidh an eagraíocht is iarratasóir freagrach as na costais uile a bhaineann leis an tionscadal. Beidh an t-iarratasóir freagrach as tuarascáil mhionsonraithe deiridh agus fianaise ar chaiteachas a chur faoi bhráid na Comhairle Oidhreachta roimh an spriocdháta, is é sin an 31 Márta 2026.

Ina theannta sin, ní mór d'iarratasóirí tuarascáil ar dhul chun cinn agus éileamh eatramhach a chur isteach faoi mhí na Samhna 2025, lena n-áireofar iarraidh chun suas le 90% den chistiú a tharraingt anuas. Eiseofar na 10% eile tráth a gheofar an tuarascáil deiridh.

## Conas a íocfaimid an deontas

Gheobhaidh tú do dheontas tar éis dúinn d'obair thionscadail a mheasúnú agus a chinneadh go raibh sí sásúil. Féadfaidh tú a roghnú suas le trí íocaíocht eatramhacha a fháil, áfach. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- tuarascáil mhionsonraithe ar ghníomhaíocht a chur isteach trí chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta, agus
- fianaise ar chaiteachas a bhaineann leis an tairiscint deontais

Faoi rialacha na Roinne Airgeadais, tá oibleagáid orainn cruthúnas íocaíochta a lorg ó dheontaithe sula n-eiseoimid aon airgead deontais. Féachfaimid, áfach, le ceadú a fháil chun íocaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise ar chaiteachas. Cuirfear iarratasóirí rathúla ar an eolas faoi aon athruithe ar cheanglais.

**Tabhair faoi deara:** Más rud é nach bhfuil ag d'eagraíocht díolúine charthanúil chánach ó na Coimisinéirí Ioncaim, beidh ort fíorú reatha Imréitigh Cánach a bheith i bhfeidhm agat chun íocaíochtaí deontais ar fiú €10,000 nó níos mó iad a fháil.

## Canbhasáil

I gcás go ndéanfaidh TDanna, Seanadóirí nó Comhairlí Cathrach/Contae canbhasáil thar ceann aon iarratasóra tráth an iarratais nó mar chuid den phróiseas Achomhairc, dícháileofar go huathoibríoch an t-iarratas nó an t-achomharc lena mbaineann. Ní chuireann sé sin aon chosc ar iarratasóirí comhairle nó litreacha tacaíochta a lorg óna nOifigeach Oidhreachta áitiúil agus/nó óna nOifigeach Bithéagsúlachta áitiúil nó ó aon chomhlacht ábhartha eile.

Tá iarratais faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

### Achomhairc

Féadfaidh iarratasóirí achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh cistiúcháin laistigh de shé seachtaine ó dháta an fhógra, bunaithe ar shárú líomhnaithe nó ar chur i bhfeidhm éagórach nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Oidhreachta nó ar aon imeacht ó na nósanna imeachta sin. Tá faisnéis ar fáil **anseo** faoi na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás achomharc in aghaidh cinneadh cistiúcháin faoi Scéim Deontais de chuid na Comhairle Oidhreachta.

### Ná déan dearmad...

Ní mór dúinn d’iarratas ar líne agus na doiciméid tacaíochta a fháil faoin dáta seo a leanas: **5pm, an 27 Eanáir 2025**.

## Iarraidh maidir le cumarsáid

Iarraimid go seolfaí fiosruithe go leictreonach chugainn ag grants@heritagecouncil.ie, nuair is féidir, ionas go mbeimid in ann iad a fháil agus freagra a thabhairt orthu ar bhealach níos praise.

Go raibh maith agat roimh ré as ucht do chomhoibrithe.

Guímid gach rath ort maidir le d’iarratas.

## Seicliosta

Bain úsáid as an seicliosta seo chun d'ábhair iarratais a athbhreithniú. Más rud é gur uaslódáil tú na míreanna uile ar an seicliosta agus gur chomhlánaigh tú na ceisteanna uile ar an bhfoirm iarratais ar líne, tá tú réidh le d'iarratas a chur isteach.

**Ní mór** doiciméid tacaíochta a uaslódáil in éineacht le d'iarratas:

| Uimh. | Cineál Doiciméid | Uaslódáilte Cuir Tic Leis ✓ |
|---|---|---|
| 1. | Bunreacht d'eagraíochta | |
| 2. | Do chuntais iniúchta is déanaí nó do chuntais is déanaí atá fíoraithe ag cuntasóir. Ba cheart d'eagraíochtaí nua nach bhfuil aon chuntais iniúchta acu ráitis airgeadais eatramhacha, ráitis bhainc, ioncam réamh-mheasta, agus mionsonraí faoi fhoinsí deimhnithe cistiúcháin a sholáthar chun ullmhacht airgeadais a léiriú. | |
| 3. | Faisnéis chúlra faoi d'eagraíocht, amhail an leagan is déanaí de do Thuarascáil Bhliantúil nó de do Phlean Straitéiseach, comhaontuithe comhpháirtíochta, agus araile. | |
| 4. | (a) Plean oibre costáilte don bhliain 2025<br>(b) Ní mór d'eagraíochtaí ráiteas tionchair timpeallachta gairid a chur ar áireamh ina bplean oibre costáilte. Ba cheart aon tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht agus bearta maolaithe nó oiriúnaithe a leagan amach sa ráiteas sin.<br>(c) Gníomhartha agus tionscnaimh atá nasctha go soiléir leis na nithe seo a leanas: plean straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028; an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030; Oidhreacht Éireann 2030; Áiteanna do Dhaoine: An Beartas Náisiúnta um Ailtireacht; agus an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus Pleananna Oiriúnaithe Earnála iomchuí don Athrú Aeráide (e.g., Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha, agus Seandálaíocht). | |
| 5. | Dhá litir thacaíochta ar a laghad ó gheallsealbhóirí tábhachtacha seachtracha nó ó eagraíochtaí eile lena n-oibríonn tú go dlúth. | |
| 6. | Liosta de na torthaí agus na gníomhartha a bhainfear amach de bharr do phlean oibre | |
| 7. | I gcás iarratais arb é atá i gceist leo baill foirne nua a fhostú, ní mór duit sainchuntas poist soiléir don phost a sholáthar | |



Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

**Teil:** +353 56 777 0 777 | **R-phost:** grants@heritagecouncil.ie

**www.heritagecouncil.ie**

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council